# Scéalta COVID-19

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi na scéalta is deireanaí a bhaineann le COVID-19. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí faoi na ceisteanna thíos le chéile, sula bhféachfaidh sibh ar an mír.

1. Cad é ábhar na tuairisce, dar libh?

2. Cén Ghaeilge atá ar na focail seo a leanas a bheidh sa mhír:

   negative test ____________________
   professional antigen test ____________________
   social contacts ____________________
   face coverings ____________________

3. Anois agus na focail thuas pléite agaibh, cad é ábhar na tuairisce?




**Ceist 2** Féach ar an tuairisc den chéad uair agus déan liosta de na pointí a bhí sa mhír nach raibh pléite agat féin agus an duine in aice leat faoi cheist 1.

**Ceist 3** Anois, féach ar an tuairisc arís agus aimsigh comhchiallaigh na bhfocal seo a leanas a bhí le cloisteáil inti.

ní mór ____________________
plé, díospóireacht ____________________
pantaimím ____________________
murab ionann is ____________________
de réir an dlí ____________________
de dhíth ____________________
daoine a bhfuil biseach orthu ____________________

**Ceist 4** Pointí gramadaí

1. tástáil d**h**iúltach, ach tástáil (tiomána) _____________
2. tástáil dhearfach agus tástálacha (dearfach) _____________
3. ar g**h**eamaireacht, ach ar (ceal) _____________
4. do d**h**aoine fásta, agus do (fostóirí) _____________
5. teagmhálacha sóisialta agus teagmháil (sóisialta) _____________
6. go hÉirinn agus muintir (Éire) _____________
7. ag teacht **isteach**, ach ag dul _____________

**Ceist 5** '…*cuirtear comhairle **orthu***…'

Aistrigh na habairtí seo a leanas go Gaeilge. Bí cinnte go bhfuil an forainm réamhfhoclach cuí agat.

1. I was sure I failed the test, but I didn't. I passed it with flying colours!
2. Please give them the money you owe them.
3. I said goodbye to him and left him by himself in the room.
4. She is not afraid to fly with Máire. She trusts her.
5. I'm going to the cinema this evening to see Tokyo Story. Would you (*iolra*) be interested in it?
6. It disgusts me to see people laughing at her.

**Ceist 6** Pléigh na ceisteanna seo a leanas leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. Cad atá ar eolas agat faoin athraitheach, Omicron?
2. Cad a cheapann tú faoi na srianta a mholtar sa mhír?
3. Conas a bheidh an Nollaig in Éirinn, dar leat?

**Treoracha agus Freagraí**

**Ceist 1**

Is féidir gach beirt a chur ag plé na gceisteanna seo sula seinnfear an tuairisc.

| | |
|---|---|
| negative test | *tástáil dhiúltach* |
| professional antigen test | *tástáil ghairmiúil antaigine* |
| social contacts | *teagmhálacha sóisialta* |
| face coverings | *clúdaigh aghaidhe* |

**Ceist 2**

Is féidir ábhar na míre a phlé tar éis féachaint amháin.

**Ceist 3**

| | |
|---|---|
| ní mór | *caithfidh* |
| plé, díospóireacht | *cur agus cúiteamh* |
| pantaimím | *geamaireacht* |
| murab ionann is | *seachas* |
| de réir an dlí | *faoin dlí* |
| de dhíth | *ag teastáil* |
| daoine a bhfuil biseach orthu | *daoine atá tagtha chucu féin* |

**Ceist 4**

1. tástáil d**h**iúltach, ach tástáil **tiomána** (Nuair atá ainmfhocal sa ghinideach tar éis ainmfhocal baininscneach, ní shéimhítear an dara hainmfhocal má chríochnaíonn an chéad ainmfhocal ar d, n, t, l nó s agus má thosaíonn an dara hainmfhocal ar d, t nó s).
2. tástáil d**h**earfach agus tástálacha **dearfacha**.
3. ar g**h**eamaireacht, ach **ar ceal** (Ní chuirtear séimhiú ar an ainmfhocal a leanann ar má chuirtear staid nó suíomh in iúl).
4. do d**h**aoine fásta, agus **d'fhostóirí**.
5. teagmhálacha sóisialta agus teagmháil **shóisialta**.
6. go hÉirinn agus muintir **na hÉireann**.
7. ag teacht **isteach**, ach ag dul **amach**.

**Ceist 5**

1. I was sure I failed the test, but I didn't. I passed it with flying colours!
   *Bhí mé cinnte gur theip orm sa scrúdú ach níor theip. D'éirigh go geal liom.*
2. Please give them the money you owe them.
   *Tabhair dóibh an t-airgead atá acu ort, le do thoil.*
3. I said goodbye to him and left him by himself in the room.
   *D'fhág mé slán aige agus d'fhág mé sa seomra leis féin é.*
4. She is not afraid to fly with Máire. She trusts her.
   *Níl eagla uirthi dul ag eitilt le Máire. Tá muinín aici aisti.*
5. I'm going to the cinema this evening to see Tokyo Story. Would you (*iolra*) be interested in it?
   *Beidh mé ag dul go dtí an phictiúrlann anocht chun Tokyo Story a fheiceáil. An mbeadh suim agaibh ann?*
6. It disgusts me to see people laughing at her.
   *Cuireann sé déistin orm nuair a fheicim daoine ag magadh fúithi.*

**Ceist 6**

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

**Áine Lally**
Fáilte ar ais chuig Nuacht TG4. Ón Aoine, caithfidh tástáil dhiúltach COVID-19 a bheith ag paisinéirí a bheas ag teacht go hÉirinn. Beidh rogha ag paisinéirí tástáil ghairmiúil antaigine a dhéanamh nó tástáil PCR.

**Caoimhe Ní Laighin**
Tá go leor cur agus cúiteamh le seachtain anuas faoi shéasúr na Nollag, go gcaillfeadh leanaí amach ar gheamaireacht agus mar sin de. Ach tá treoir iontach ginearálta tagtha ón gcomh-aireacht i ndiaidh a cruinnithe inniu. Moltar do leanaí agus do dhaoine fásta araon a dteagmhálacha sóisialta a laghdú go ceann cúpla seachtain agus cuirtear comhairle orthu clúdaigh aghaidhe a chaitheamh ón tríú rang ar aghaidh. Ach comhairle atá ann seachas riail faoin dlí.

Maidir le cúrsaí taistil, tá athrú mór air sin. Tá sé aontaithe ag an gcomh-aireacht, gur i gcás daoine atá ag teacht isteach sa tír ar eitleán nó ar bhád go gcaithfidh siad tástáil dhiúltach a bheith faighte acu. Glacfar le tástálacha antaigine proifisiúnta atá déanta le 48 uair sula dtiocfaidh daoine isteach sa tír agus le tástálacha PCR atá déanta le 72 uair. Caithfidh daoine ag teacht ón mBreatain fiú tástálacha a dhéanamh agus beidh siad fós ag teastáil i gcás daoine atá iomlán vacsaínithe nó atá tagtha chucu féin tar éis COVID-19.

**Eoghan Corry, Iriseoir Taistil**
Is cruachás é seo i gcomhair pholasaí ginearálta an chomhaontais Eorpaigh ar fad – Éire inniu agus an Phortaingéil inné. Dúirt siad, an taisteal taobh istigh den chomhaontas, caithfidh daoine tástáil[1] a dhéanamh.

**Caoimhe Ní Laighin**
Caoimhe Ní Laighin, Nuacht TG4.

[1] *teastas* a dúradh